**A1 Topaic 9**

**07 Ag ordú - Cuid a Dó**

**Labhairt**

3

## 07 Ag ordú

**Le múineadh:**
- Tuairimí a chur in iúl faoi bhia agus faoi dheoch agus bia agus deoch a ordú.

4

**Bileog**

**Ag Ordú**

**Biachlár**


5

©GaeilgegoDeo 2024

## Biachlár

- Breathnaigh ar an mbiachlár.
- An feidir leat Gaeilge a chur ar na hearraí éagsúla?
- Muna bhfuil focal agat, bain úsáid as teanglann.ie nó foclóir.ie chun é a fháil amach.

6




7

## Biachlár

- Mise an freastalaí agus beidh mé ag lorg orduithe ó dhaoine éagsúla.
- Mar shampla, éist leis an gcomhrá samplach seo a leanas:

8

©GaeilgegoDeo 2024

## Biachlár


- **Freastalaí:** Cad ba mhaith leat don réamhchúrsa?
- **Aoi dinnéir:** Torthaí le do thoil.
- **Freastalaí:** Agus don phríomhchúrsa?
- **Aoi dinnéir:** Iasc agus glasraí, le do thoil.

9

## Biachlár

- **Freastalaí:** Ar mhaith leat milseog?
- **Aoi dinnéir:** Ba mhaith. Cáca, le do thoil.
- **Freastalaí:** Agus deoch?
- **Aoi dinnéir:** Gloine uisce, le do thoil.

10




11

©GaeilgegoDeo 2024

## Biachlár

- **Freastalaí:** Cad ba mhaith leat don réamhchúrsa?
- **Freastalaí:** Agus don phríomhchúrsa?
- **Freastalaí:** Ar mhaith leat milseog?
- **Freastalaí:** Agus deoch?

12

## Rólimirt - Ag ordú bia

- Glacfaidh duine amháin ról an fhreastalaí agus glacfaidh na daoine eile ról na gcustaiméirí.
- Báin úsáid as na híomhánna agus as an bhfoclóir ar an mbileog **Ag ordú - Biachlár.**

13

## Rólimirt - Ag ordú bia

- Ar dtús, déanaigí ransú intinne mar ghrúpa ar na ceisteanna, na freagraí agus ar an bhfoclóir ginearálta a bheidh de dhíth oraibh le linn na gníomhaíochta.
- Mar shampla:
- *Dia daoibh. Is mise Eimear, bhur bhfreastalaí. / Fáilte romhaibh. / Seo duit* srl.

14

©GaeilgegoDeo 2024

## Rólimirt - Ag ordú bia

- Samoinigh ar an méid atá ar eolas agaibh agus leas a bhaint as an méid is mó foclóra agus beannachtaí agus is féidir libh.

15

## Rólimirt - Ag ordú bia

- Cuirigí dráma beag ar bun.
- Súiomh:
- An freastalaí ina seasamh agus na custaiméirí ina suí

timpeall i gciorcal beag.

16

## Rólimirt - Ag ordú bia

- Nuair a bheidh sé déanta agaibh inseoidh an freastalaí dúinn

cad ba mhaith leis na custaiméirí.

17

©GaeilgegoDeo 2024

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Éist liom ag rá ainmfhocal gan alt agus ainmfhocal leis an alt

- iasc an t-iasc
- im an t-im
- uisce an t-uisce
- arán an t-arán

- Cad a thugann tú faoi deara?

18

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Tá ainmfhocail sa Ghaeilge, firinscneach nó baininscneach, ar nós go leor teangacha Eorpacha eile (Fraincis, Iodáilis, Spáinnis).

- An cuimhin leat cad a tharlaíonn nuair a chuirtear an t-alt uatha (**an**) roimh ainmfhocal firinscneach ag tosú le guta, mar shampla, árasán?

19

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Nuair a chuireann tú an t-alt uatha (**an**) roimh ainmfhocal firinscneach ag tosú le guta, cuirtear 't-'roimhe: an t-iasc.

- iasc an t-iasc
- amhrán an t-amhrán
- anraith an t-anraith
- anlann an t-anlann

20

©GaeilgegoDeo 2024

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Nuair a chuireann tú an t-alt uatha (**an**) roimh ainmfhocal firinscneach ag tosú le guta, cuirtear 't-'roimhe: an t-iasc.

- iasc an t-iasc
- amhrán an t-amhrán
- anraith an t-anraith
- anlann an t-anlann

21

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Anois éist liom ag rá:
- bainne an bainne
- bia an bia
- béile an béile
- bille an bille
- cupán an cupán
- siúcra an siúcra

22

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Anois éist liom ag rá:
- bainne an bainne
- bia an bia
- béile an béile
- bille an bille
- cupán an cupán
- siúcra an siúcra

23

©GaeilgegoDeo 2024

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Cad a thugann tú faoi deara?
- Ní bhíonn aon athrú ar an ainmfhocal firinscneach tar éis an ailt má thosaíonn sé le consan.

24

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Abair i mo dhiaidh:
- bainne — an bainne
- bia — an bia
- béile — an béile
- bille — an bille
- cupán — an cupán
- siúcra — an siúcra

25

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Anois éist liom ag rá:
- milseog — an mhilseog
- bialann — an bhialann
- feoil — an fheoil

26

©GaeilgegoDeo 2024

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Cad a thugann tú faoi deara?
- Is ainmfhocail bhaininscneacha iad seo ar fad, cosúil leis na teangacha a clúdaíodh i d**Topaic 7 Scileanna agus Buanna**.

27

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Tá grúpaí d'fhocail ann a bhíonn firinscneach nó baininscneach.
- Tá dhá ghrúpa ansin: ***-eog*** agus ***–lann***.
- An féidir leat smaoineamh ar aon fhocail cosúil leo?
- Mar shampla: *pictiúrlann* agus *fuinneog.*

28

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal baininscneach tar éis an ailt má thosaíonn sé le consan.
- Ní ***h*** an Bhéarla atá i séimhiú ach comhartha dúinn chun fuaimniú an chonsain roimhe a athrú.
- Athraíonn ***m*** agus ***b*** go fuaim ***v*** sa dá chás thuasluaite.

29

©GaeilgegoDeo 2024

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Athraíonn fuaim *f* freisin nuair a chuirtear séimhiú air.
- Is gné de na teangacha Ceilteacha í an séimhiú – ní fhaightear é i bhformhór na dteangacha Eorpacha eile.
- Mar sin tá sé tábhachtach mar is cuid speisialta den teanga é!

30

## An t-ainmfhocal & an t-alt

- Abair i mo dhiaidh:

- milseog an mhilseog
- bialann an bhialann
- feoil an fheoil

31

## Initial changes to nouns

- The initial consonant or vowel of a noun, often changes when it is preceded by the article **an**, depending on the gender of the noun.
- The changes occur in the singular nominative and accusative cases.

32

©GaeilgegoDeo 2024

| | Masculine | Feminine |
|---|---|---|
| Nouns beginning with a vowel | an t-athair<br>the father | an iníon<br>the daughter |
| Nouns beginning with a consonant | an fear<br>the man | an bhean<br>the woman |
| Nouns beginning with an s | an seanathair<br>the grandfather | an tseanmháthair<br>the grandmother |
| Nouns beginning with d or t<br>(no séimhiú added to feminine nouns in nominative and accusative cases) | an deartháir<br>the brother<br>an tuismitheoir<br>the parent | an deirfiúr<br>the sister<br>an tuismitheoir<br>the parent |

33

**Bileog**

**Firinscneach nó Baininscneach**

34

## Firinscneach nó baininscneach

- Athscríobh na hainmfhocail seo a leanas leis an alt rompu.
- Ansin, léigh amach do do pháirtnéir iad.
- Beidh ar do pháirtnéir iad a scríobh sa cholún cuí ar a bhileog agus abairt nó ceist a chumadh leis na hainmfhocail sin.

35

©GaeilgegoDeo 2024

## Firinscneach nó baininscneach

- Ansin, léifidh do pháirtnéir ainmfhocail amach agus beidh ortsa iad a chur sa cholún cuí thíos agus beidh ort abairt nó ceist a chumadh leis na hainmfhocail sin

36

## Freagraí - Firinscneach nó Baininscneach A

- iasc — an t-iasc
- uisce — an t-uisce
- bainne — an bainne
- milseog — an mhilseog
- biachlár — an biachlár

37

## Freagraí - Firinscneach nó Baininscneach B

- im — an t-im
- arán — an t-arán
- bialann — an bhialann
- feoil — an fheoil
- bille — an bille

38

©GaeilgegoDeo 2024

## Firinscneach

| | |
|---|---|
| • iasc | an t-iasc |
| • im | an t-im |
| • uisce | an t-uisce |
| • arán | an t-arán |
| • bainne | an bainne |
| • béile | an béile |
| • bille | an bille |
| • cupán | an cupán |
| • siúcra | an siúcra |

39

## Baininscneach

| | |
|---|---|
| • milseog | an mhilseog |
| • cistin | an chistin |
| • bialann | an bhialann |
| • beoir | an bheoir |
| • putóg | an phutóg |
| • feoil | an fheoil |
| • ola | an ola |
| • uaineoil | an uaineoil |
| • ubh | an ubh |

40

©GaeilgegoDeo 2024